**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Chultúr agus um Oideachas*

**2021/2226(BUI)**

7.2.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

chuig an gCoiste um Buiséid

maidir le treoirlínte do Bhuiséad 2023 – Roinn III
(2021/2226(BUI))

Rapóirtéir don tuairim: Morten Løkkegaard

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chultúr agus um Oideachas ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an tionchar leanúnach atá ag paindéim COVID-19 ar an oideachas, earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, an óige, na meáin agus spórt; ag tathant ar an gCoimisiún gach beart is gá a dhéanamh, in éineacht leis na Ballstáit, chun na tionchair sin a mhaolú chun téarnamh na n-earnálacha sin a áirithiú agus chun leanúint d'éascú a dhéanamh ar a n-aistriú digiteach agus glas, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do thairbhithe na gclár Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, lena n-áirítear trí na hacmhainní bliantúla a leithdháiltear ar na cláir sin faoi chuimsiú an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair a neartú;

2. á mheabhrú gurb é an clár Eoraip na Cruthaitheachta an t-aon chlár amháin de chuid an Aontais atá tiomnaithe go sonrach do thacú le hearnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta; á iarraidh go ndéanfar tacaíocht ar leith a thairiscint d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) in earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, go háirithe chun éascú a dhéanamh ar an rochtain atá acu ar chistiú ón Aontas agus chun cuidiú leo bacainní margaidh a shárú, agus é mar aidhm na cuideachtaí sin a chumasú chun lán-tairbhe a bhaint as an gclaochlú digiteach;

3. ag tabhairt dá haire gur mó atá an bhearna oideachais i ngeall ar an suaitheadh – nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo – ar an bhfoghlaim de bharr phaindéim COVID-19, agus gur mó, ina theannta sin, na héagothromaíochtaí i gcórais oideachais, go háirithe maidir leis an oideachas digiteach, cianfhoghlaim agus rochtain ar an idirlíon agus ar threalamh TF;

4. á chur in iúl gur oth léi, maidir leis an méid sin, nach bhfuil roinnt Ballstát ag infheistiú céatadán leordhóthanach dá n-olltáirgeacht intíre (OTI) san oideachas agus san oiliúint, agus á iarraidh ar an gCoimisiún bearta sonracha tacaíochta a cheapadh chun aghaidh a thabhairt go háirithe ar éifeachtaí an tsuaite sin ar an dea-bhail mheabhrach agus chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcur chuige éagsúil a chuirtear chun feidhme sna Ballstáit chun córais oideachais agus oiliúna atá níos athléimní agus níos cuimsithí a fhorbairt;

5. ag tathant ar an gCoimisiún samplaí de dhea-chleachtais na mBallstát a chur i láthair chomh luath le 2023 agus, ar deireadh, sa mheastóireacht eatramhach ar an gclár Erasmus+;

6. á chur i bhfáth gur gá tacaíocht airgeadais don oidhreacht chultúrtha a mhéadú i bhfianaise thionchair na paindéime; ag tathant ar an gCoimisiún maoiniú a mhéadú do ghníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh go sonrach ar ghairmithe oidhreachta agus ar na hoibreacha caomhnaithe agus cothabhála is gá;

7. á iarraidh go ndéanfar tuilleadh tacaíochta a leithdháileadh ar spóirt a bhfuil tionchar mór ag an bpaindéim orthu; á chur i bhfios go láidir gur gá aird níos mó a thabhairt ar spóirt scoile, ar spóirt phobail, ar lúthchleasaithe agus ar oiliúnóirí ar a bhfuil tionchar

ag na teorainneacha a fhorchuirtear mar gheall ar an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair;

8. ag dréim le méadú suntasach ar mhaoiniú Erasmus+ d'earnáil an spóirt in 2023, nuair a chuirfear tús le Príomhghníomhaíocht 1: malartuithe aonair pearsanra spóirt;

9. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuiltear ag dréim leis, de réir chlárú airgeadais an Choimisiúin, go dtiocfaidh laghdú 20 % ar imchlúdach foriomlán Eoraip na Cruthaitheachta idir 2022 agus 2023, fiú tar éis don bhreisiú a mheastar a bheidh ann in 2023 mar thoradh ar an gcoigeartú clár-shonrach dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán CAI a bheith curtha san áireamh; á mheas, toisc nach bhfuiltear ag dréim le téarnamh iomlán earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta roimh 2024, gur gá cistí breise a leithdháileadh ar an gclár sin in 2023;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh an bhféadfaí acmhainní nár úsáideadh nó a sábháladh a atreorú chuig cláir chultúir, oideachais, óige, spóirt agus meán;

11. á mheabhrú go bhféadfadh a bheith ann do shineirgí agus do chomhlántachtaí idir Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ar thaobh amháin, agus cláir agus foinsí cistiúcháin eile de chuid an Aontais, ar an taobh eile, amhail Ciste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+), an Ciste um Aistriú Cóir, an clár Fís Eorpach, an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV) agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF); á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil na sineirgí agus na comhlántachtaí sin á gcomhordú go hiomlán i bhformhór na mBallstát i gcleachtas;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún, d'ainneoin an ghá atá le cistiú leordhóthanach do na cláir a luadh, scrúdú breise a dhéanamh ar na sineirgí agus na comhlántachtaí sin agus tacú leis na Ballstáit iad a chomhordú, lena n-áirítear trí threoir a thabhairt ar leibhéal an Aontais agus malartú dea-chleachtas a éascú;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún, maidir leis an méid sin, plean oiliúna a mholadh chun cuidiú le gníomhaireachtaí náisiúnta cumarsáid níos éifeachtaí a dhéanamh lena n-aireachtaí freagracha chun leas a bhaint as cistí CSE+ le haghaidh bhreisithe Erasmus+ do na mic léinn sin nach bhfuil sé d'acmhainn acu páirt a ghlacadh in Erasmus+ agus chun tacú leis an gclár ar bhealaí eile;

14. á mheabhrú go bhfuil cistiú suntasach ar fáil d'earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta faoin gclár Fís Eorpach, agus á iarraidh ar an gCoimisiún Cnuasach 2 maidir le 'Cultúr, Cruthaitheacht agus Sochaí Chuimsitheach' a fhiosrú ina iomláine trí ghlaonna níos oscailte ar thograí a fhoilsiú, rud a bheadh ina chuidiú leis an earnáil téarnamh agus déileáil leis an aistriú digiteach;

15. á chur in iúl go bhfuil sí deimhin de go bhfuil an acmhainneacht sineirgí a fhothú ar fud chláir an Aontais bunriachtanach chun Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025, chun an plean gníomhaíochta maidir le hoideachas digiteach a chur chun feidhme agus chun lámh mhaith a dhéanamh den tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua agus de Bhliain Eorpach na hÓige 2022; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, maidir leis an méid sin, dlús a chur lena n-iarrachtaí cineál comhlántach a gcuid infheistíochtaí agus gníomhaíochtaí a uasmhéadú agus a áirithiú go dtacófar leo ar

fud fhoinsí cistiúcháin uile an Aontais;

16. á áitiú nach bhféadfaidh acmhainní buiséadacha agus príomhghníomhaíochtaí na gclár Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a bheith thíos le cur chun feidhme na dtionscnamh thuasluaite;

17. á mheabhrú go bhfuil RRF dírithe ar théarnamh an Aontais agus á chur in iúl gur cúis mhór imní di nár baineadh amach an sprioc 2 % den bhuiséad foriomlán a thiomnú don chultúr ach ar leibhéal comhiomlánaithe AE; ag tabhairt dá haire nach ndearna ach 14 Bhallstát an cultúr a áireamh ina gcuid pleananna RRF náisiúnta; ag tarraingt aird, ina theannta sin, ar mholtaí a rinneadh roimhe seo maidir le 10 % de RRF a leithdháileadh chun tacú leis an oideachas;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil mhionsonraithe a thíolacadh maidir leis an gcaoi a bhfuil RRF ina rannchuidiú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus leis an oideachas;

19. á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua, lena ndéantar naisc idir saol na heolaíochta agus saol na teicneolaíochta, ar thaobh amháin, agus saol na healaíne agus saol an chultúir, ar an taobh eile, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtúil ar shaincheisteanna sochaíocha agus chun spásanna maireachtála inbhuanaithe agus cuimsitheacha a thógáil; ag tabhairt dá haire, áfach, agus é ina chúis imní di, nach ann fós do chur chuige comhleanúnach agus straitéiseach maidir leis an tionscnamh a mhaoiniú;

20. á mheas go bhféadfadh sé nár leor díreach na cistí atá ann cheana a shlógadh chun cuspóirí an tionscnaimh sin a bhaint amach, agus ag cur béim ar an ngá atá le cistí nua;

21. á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú meántéarma ar CAI, ina bhféadfar féachaint ar na féidearthachtaí atá ann cistiú tiomnaithe fadtéarmach a bhunú don tionscnamh Bauhaus Eorpach nua agus don Limistéar Eorpach Oideachais;

22. á chur in iúl gur geal léi na bearta cuimsithe a chuir an Coimisiún chun tosaigh chun na cláir Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a threisiú go dtí 2027; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta nithiúla cuimsithe a chur chun feidhme maidir leis an gclár Eoraip na Cruthaitheachta, agus measúnú trédhearcach a dhéanamh ar a gcur chun feidhme agus na torthaí a thuairisciú don Pharlaimint;

23. á iarraidh go ndéanfar bearta sonracha cuimsithe lena ndíreofar ar dhaoine ar lú na deiseanna atá acu agus ar dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear daoine óga; á iarraidh freisin go dtabharfar aird ar leith ar thairbhithe na mbeart sin ó limistéir thuaithe, iargúlta agus shléibhtiúla;

24. á chur in iúl díol sásaimh di gur éirigh leis an bParlaimint EUR 8 milliún breise a urrú don chlár Erasmus+ agus don Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach chun Bliain Eorpach na hÓige 2022 a mhaoiniú, lena n-áirithítear nach ndéanfar difear do phríomhghníomhaíochtaí an dá chlár; á chur in iúl gur fada fós ón tsuim bhreise sin a bheith leordhóthanach chun riachtanais an tionscnaimh sin a chumhdach;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndáil leis an méid sin, tacú le tiomantas na

gcomhreachtóirí do Bhliain Eorpach na hÓige 2022 oidhreacht mharthanach a fhágáil trí ghníomhaíochtaí leantacha a phleanáil agus maoiniú leormhaith a áirithiú do 2023 agus trí mheastóireacht chríochnúil a dhéanamh ar an mBliain; á mheabhrú, maidir leis an méid sin, gur thug an Coimisiún gealltanas cleachtadh mapála a dhéanamh i rith na bliana agus faoi chuimsiú an CAI reatha agus chláir agus ionstraimí an Aontais, chun aon chistiú breise i ndiaidh 2022 a shainaithint agus tuairisciú go tráthrialta don Pharlaimint agus don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn a dhéantar maidir leis an méid sin;

26. á athdhearbhú gur gá don Choimisiún meastóireacht chríochnúil a dhéanamh agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Parlaiminte i ndeireadh 2023 ina gcumhdófar cur chun feidhme agus torthaí na ngníomhaíochtaí arna maoiniú ag Bliain Eorpach na hÓige;

27. ag tarraingt suntas ar an dochar a rinneadh de bharr an sleabhctha eacnamaíoch agus á iarraidh go láidir ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an athuair an tacaíocht atá ar fáil d'earnáil na meán nuachta agus don earnáil chlosamhairc a mhéadú; á iarraidh an athuair go mbeidh buanchiste do na meáin nuachta ag an Aontas chun clúdach neamhspleách nuachta a chumhachtú, chun neamhspleáchas iriseoirí agus iriseoireacht na hEorpa a choimirciú agus chun saoirse an phreasa a ráthú;

28. ag tabhairt dá haire gur tháinig athrú ar struchtúr úinéireachta Euronews; á chur in iúl gur cúis bhuartha di i gcónaí, áfach, go bhféadfadh sé nach gcomhlíonfar na coinníollacha ar fad maidir le neamhspleáchas iriseoireachta a ráthú; den tuairim go gcaithfidh urrú cúlchiste do Euronews a bheith coinníollach ar bhearta nithiúla, mionsonraithe agus i scríbhinn a bheith á soláthar ag na príomh-scairshealbhóirí chun neamhspleáchas na hiriseoireachta a ráthú go héifeachtach; á áitiú go gcaithfidh na gealltanais sin a bheith oiriúnach do mheasúnú ceart agus d'athbhreithniú rialta arna ndéanamh ag institiúidí an Aontais;

29. á iarraidh an athuair go mbeidh trédhearcacht fheabhsaithe ann agus go ndéanfar athbhreithniú cuimsitheach ar chaiteachas an Aontais ar ghníomhaíochtaí ilmheán chun cobhsaíocht, intuarthacht agus grinnscrúdú na ngníomhaíochtaí sin a áirithiú;

30. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr leanúint d'fheabhas a chur ar a gcuid córas agus uirlisí TF agus iad a dhéanamh níos inrochtana, agus bearta simplithe riaracháin breise a chur chun tosaigh, ar bearta iad a bhfuil gá leo chun na cláir Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, chomh maith le tionscadail phíolótacha agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin, a chur chun feidhme go rianúil agus go rathúil in 2023;

31. á chur in iúl gur geal léi treoir idirghníomhach nua an Choimisiúin lena ndéantar mapáil ar na deiseanna maoinithe ábhartha uile d'earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta chun feabhas a chur ar a bhfios gnó agus ar na deiseanna atá acu tairbhe a bhaint as an tacaíocht atá ar fáil ón Aontas, agus á iarraidh go ndéanfar tuairisciú rialta ar éifeachtacht na huirlise sin;

32. ag tabhairt dá haire gur gá i gcónaí infheictheacht ghníomhaíochtaí an Aontais lena ndírítear ar an gcultúr, an oideachas, an óige, na meáin agus spórt a fheabhsú tuilleadh, mar aon leis an tuiscint atá orthu; á iarraidh ar an gCoimisiún a straitéis chumarsáide seachtraí agus infheictheacht chistiú an Aontais a fheabhsú tuilleadh, lena n-áirítear trí

éagsúlú a dhéanamh ar na huirlisí atá in úsáid faoi láthair;

33. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an t-easnamh eolais i measc na saoránach maidir leis an saol daonlathach san Eoraip agus a laghad atá siad rannpháirteach ann; á chur i bhfáth go bhfuil gá le tuilleadh tionscnamh, seachas líonraí ollscoileanna Eorpacha bheith á mbunú, chun oideachas saoránaigh agus saoránachta a neartú ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear beartais agus cláir de chuid an Aontais agus, nuair is féidir, buanstruchtúir a chruthú ar leibhéal na mBallstát, agus é mar aidhm forbairt ar oideachas saoránachta agus ar shoghluaisteacht a chothú mar spreagadh do dhaoine óga chun gur mó a bhraithfidh siad gur den Eoraip iad;

34. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an staid ina bhfuil mic léinn an Aontais ar mian leo páirt a ghlacadh i malartuithe staidéir chuig an Ríocht Aontaithe i ndiaidh Brexit; á iarraidh ar an gCoimisiún leas a bhaint as na modhanna taidhleoireachta uile atá ar fáil chun na buntáistí a bheadh ann don Ríocht Aontaithe dá rachadh sí i bpáirt le Erasmus+ an athuair mar bhall iomlán a chur ina luí di;

35. á iarraidh ar an gCoimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Eilvéis maidir lena rannpháirtíocht iomlán sa chlár Erasmus+, go neamhspleách ar an gcaibidlíocht maidir le gnéithe eile den chaidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 7.2.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 1<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Ilana Cicurel, Gianantonio Da Re, Laurence Farreng, Tomasz Frankowski, Alexis Georgoulis, Catherine Griset, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Irena Joveva, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Predrag Fred Matić, Dace Melbārde, Victor Negrescu, Peter Pollák, Marcos Ros Sempere, Monica Semedo, Andrey Slabakov, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Salima Yenbou, Theodoros Zagorakis |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Christian Ehler, Loucas Fourlas, Elżbieta Kruk, Viola Von Cramon-Taubadel |

## VÓTÁIL CRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 24 | + |
|---|---|
| ECR | Dace Melbārde |
| PPE | Asim Ademov, Christian Ehler, Loucas Fourlas, Tomasz Frankowski, Peter Pollák, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Theodoros Zagorakis |
| Renew | Ilana Cicurel, Laurence Farreng, Irena Joveva, Monica Semedo |
| S&D | Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Petra Kammerevert, Predrag Fred Matić, Victor Negrescu, Marcos Ros Sempere, Massimiliano Smeriglio |
| An Grúpa 'The Left' | Alexis Georgoulis, Niyazi Kizilyürek |
| Verts/ALE | Viola Von Cramon-Taubadel, Salima Yenbou |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Catherine Griset |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ECR | Elżbieta Kruk, Andrey Slabakov |
| ID | Gianantonio Da Re |

Key to symbols:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh